**CINNEADH (AE) 2025/1297 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Meitheamh 2025**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus iad le chéile i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear a bhfuil feidhm ag Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([1]) ('an Comhaontú Inmheánach') maidir leis, agus go háirithe Airteagal 7(2), i gcomhar le h Airteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear an treoir ranníoca le haghaidh gach páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) le hAirteagal 1 den Chomhaontú Inmheánach,.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) lena mheastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2025 lena leagtar amach méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2025.

(4) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, le glaonna ar ranníocaíochtaí ídeofar ar dtús na méideanna a leagtar síos le haghaidh CEFanna a bhí ann roimhe. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar ranníocaíochtaí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 a dhéanamh le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

(5) Le Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle ([3]), socraítear méid bliantúil na ranníocaíochta atá le híoc ag na páirtithe in CEF le haghaidh 2025 ag EUR 800 000 000 le haghaidh an Choimisiúin agus ag EUR 9 000 000 le haghaidh BEI. Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid 2025.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart dó teacht i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Socraítear leis seo ag EUR 250 000 000 le haghaidh an Choimisiúin méid na ranníocaíochtaí atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) mar an dara tráthchuid le haghaidh 2025.

*Airteagal 2*

Déanfaidh na páirtithe in CEF an dara tráthchuid dá ranníocaíochtaí aonair CEF le haghaidh 2025 a íoc leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

---

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_eums/2013/806/oj.
([2]) IO L 307, 3.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1877/oj.
([3]) Cinneadh (AE) 2024/2906 ón gComhairle an 14 Samhain 2024 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an ciste sin a mhaoiniú, lena sonraítear an uasteorainn le haghaidh 2026, an méid bliantúil le haghaidh 2025, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2025 agus réamhaisnéis tháscach, neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2027 agus 2028 (IO L, 2024/2906, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2906/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA

*IARSCRÍBHINN*

**An dara tráthchuid de ranníocaíochtaí CEF le haghaidh 2025 (EUR)**

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An Coimisiún An 11ú CEF | BEI An 11ú CEF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| AN BHEILG | 3,24927 | 8 123 175 | 0 | 8 123 175 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 546 325 | 0 | 546 325 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 1 993 625 | 0 | 1 993 625 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 4 951 125 | 0 | 4 951 125 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 51 449 500 | 0 | 51 449 500 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 215 875 | 0 | 215 875 |
| ÉIRE | 0,94006 | 2 350 150 | 0 | 2 350 150 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 3 768 375 | 0 | 3 768 375 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 19 831 200 | 0 | 19 831 200 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 44 531 725 | 0 | 44 531 725 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 562 950 | 0 | 562 950 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 31 325 225 | 0 | 31 325 225 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 279 050 | 0 | 279 050 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 290 300 | 0 | 290 300 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 451 925 | 0 | 451 925 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 637 725 | 0 | 637 725 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 1 536 400 | 0 | 1 536 400 |
| MÁLTA | 0,03801 | 95 025 | 0 | 95 025 |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 11 941 950 | 0 | 11 941 950 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 5 993 925 | 0 | 5 993 925 |
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 5 018 350 | 0 | 5 018 350 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 2 991 975 | 0 | 2 991 975 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 1 795 375 | 0 | 1 795 375 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 561 300 | 0 | 561 300 |

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | An Coimisiún An 11ú CEF | BEI An 11ú CEF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 940 400 | 0 | 940 400 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 3 772 725 | 0 | 3 772 725 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 7 347 775 | 0 | 7 347 775 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE [1] | 14,67862 | 36 696 550 | 0 | 36 696 550 |
| IOMLÁN AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE | 100,00 | 250 000 000 | **0** | 250 000 000 |

[1] De bhun Airteagal 153 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign), d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil i mí an Mhárta 2023 go ndéanfadh an Coimisiún a sciar atá fágtha aici de chúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF a aisíoc trí ghlanáireamh a dhéanamh ar a ranníocaíocht atá fágtha aici sa CEF. Cuirfear an socrú glanáirimh sin san áireamh sna treoracha íocaíochta faoi seach.